# Ráiteas Príobháideachais

Tá feidhm ag Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag Parlaimint na hEorpa.

1) Cé a phróiseálann do shonraí pearsanta?
   - Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar rialaitheoir[1] agus is é seo a leanas an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil: Parlaimint na hEorpa > Ardrúnaíocht na Parlaiminte > An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais > An Stiúrthóireacht do Chearta na Saoránach agus do Ghnóthaí Bunreachtúla > Rúnaíocht an Choiste um Achainíocha, arna hionadú ag PANIZZA Roberta.
   - Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir/eintiteas trí ríomhphost a chur chuig peti-secretariat@europarl.europa.eu nó tríd an bpost chuig European Parliament, Chair of the Committee on Petitions c/o PETI Secretariat, Rue Wiertz 60, 1047 Brussels, Belgium.

2) Cad é an cuspóir atá le do shonraí pearsanta a phróiseáil?

- Déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil chun an ceart achainí a dhéanamh a chur chun feidhme trí na bealaí seo a leanas: achainíocha agus doiciméid tacaíochta arna dtíolacadh a fháil, déileáil le hachainíocha atá faighte ag an gCoiste um Achainíocha i gcomhréir leis an nós imeachta is infheidhme agus saoránaigh a chur ar an eolas faoi na cinntí atá déanta ag an gCoiste um Achainíocha.

3) Cad é an bunús dlí leis an bpróiseáil?

- Is iad Airteagal 227 CAE agus Rialacha 226-229 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa bunús dlí na próiseála.

4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?
   - Déanaimid próiseáil ar do chéadainm, sloinne, náisiúntacht, teideal, inscne, raon aoise, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, mar aon le haon sonraí pearsanta eile faoin achainí nó faoi thríú páirtithe a sholáthraítear i gcomhthéacs na hachainí, ar do chuntas ar an Tairseach Achainíocha nó i gcomhfhreagras le Rúnaíocht an Choiste um Achainíocha ina dhiaidh sin. Deimhníonn tú go bhfuil sonraí pearsanta uile na dtríú páirtithe a chuir tú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa faighte agat go dleathach i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta.

[1] Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?

- Faightear do shonraí pearsanta tríd an bpost nó go leictreonach agus stóráiltear iad i bhfeidhmchláir leictreonacha na Parlaiminte chun achainíocha a bhainistiú. Féadfar cuid de na sonraí pearsanta a aistriú chuig na faighteoirí dá dtagraítear i bpointe 7, más gá sin chun obair leantach chuí a dhéanamh ar d’achainí.

6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?

- Déanfar do shonraí pearsanta a stóráil ar feadh fhad an phróisis achainí agus fad imeachtaí breithiúnacha a d'fhéadfaí a thionscnamh i gcoinne Pharlaimint na hEorpa maidir leis an achainí. I ndiaidh na tréimhse sin, stóráiltear comhaid pháipéir na n-achainíocha chun críocha stairiúla i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le coimeád stairiúil. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh stóráil na sonraí pearsanta atá iontu a bheith riachtanach chun críocha stairiúla. Déantar sonraí pearsanta sa Tairseach Achainíocha, i gcóras bainistíochta ríomhachainíocha na Rúnaíochta agus ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa a stóráil ar feadh fhad dhá reachtas agus déanfar iad a chartlannú ina dhiaidh sin.

7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?

- I gcás ina measfar d’achainí a bheith inghlactha, d'fhéadfaí do shonraí pearsanta a aistriú chuig Feisirí Pharlaimint na hEorpa, institiúidí agus comhlachtaí AE, údaráis náisiúnta agus aon tríú páirtí eile a d’fhéadfadh a bheith bainteach le déileáil d’achainí.
- Tabhair do d’aire le do thoil gur doiciméid phoiblí iad achainíocha cláraithe. Ciallaíonn sé sin, maidir le d’fhéiniúlacht, an uimhir arna tabhairt don achainí agus na sonraí pearsanta atá iontu:
    (1) go bhféadfar iad a nochtadh do na faighteoirí thuasluaite;
    (2) go bhféadfar iad a lua i gcruinnithe poiblí arna reáchtáil ag an gCoiste um Achainíocha agus, dá bhrí sin, go bhféadfar iad a shruthú ar an ngréasán (rud a chiallaíonn go bhféadfadh aon duine féachaint orthu ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa);
    (3) go bhféadfar iad a lua sa seisiún iomlánach agus, dá bhrí sin, go bhféadfar iad a thaifeadadh sna miontuairiscí a fhoilsítear san Iris Oifigiúil;
    (4) go bhféadfar iad a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa.
- Ina ainneoin sin, féadfaidh tú a iarraidh go gceilfí d’ainm chun do phríobháideachas a chosaint, agus sa chás sin, déanfar d’achainí a anaithnidiú agus cuirfear gach faighteoir do shonraí ina dhiaidh sin ar an eolas faoi sin. Mar sin féin, tabhair do d’aire le do thoil go bhféadfadh aon saoránach a iarraidh ar an bParlaimint, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, go nochtfaí na sonraí pearsanta lena mbaineann don phobal, i gcás ina bhféadfadh an Pharlaimint a bheith faoi oibleagáid an méid sin a dhéanamh.

8) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?

- **Ní dhéanfar sin**, ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9) An bhfuil aon phróisis uathoibríocha[2] agus/nó próifíliú[3] ann a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?

- **Níl**.

10) Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad é is foinse dóibh?

- I gcásanna áirithe, déanann tríú páirtithe achainíocha a thíolacadh in ainm na n-ábhar sonraí. Laistigh d'ábhar na n-achainíocha, is féidir freisin go luaitear na sonraí pearsanta a bhaineann le hábhair sonraí eile.

11) Cad iad na cearta atá agat?

- Seo a leanas na cearta atá agat:
  - An ceart rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
  - An ceart go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú.
  - An ceart go ndéanfaí do chuid sonraí pearsanta a scriosadh.
  - An ceart do thoiliú a tharaingt siar tráth ar bith, gan dochar do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar a dhéanamh.
  - An ceart teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu.
  - An ceart gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu.

---

[2] Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe, agus tríothusan amháin, gan aon ionchur ón duine ina leith. {Samplaí Teoiriciúla: leathanach gréasáin ar a gcuirfear, mar thoradh ar roghanna áirithe a roghnú, ar liostaí éagsúla seachadta go huathoibríoch thú trína gcuirfear an nuachtlitir mhíosúil chomhfhreagrach chugat / córas uathoibrithe a úsáid chun freagraí "Ilrogha" trialacha a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta}.

[3] Le próifíliú, déantar anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna duine aonair chun tairngreachtaí nó cinntí a dhéanamh fúthu. Úsáidtear é chun anailís nó tuar a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, le staid eacnamaíochta, le sláinte, le roghanna pearsanta nó le díol spéise, le hiontaofacht nó le hiompar an duine sin, leis an áit ina bhfuil sé nó lena ghluaiseachtaí, etc. {Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear na meáin shóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do threochtaí a chlárú. Úsáidtear na sonraí sin ansin chun tairngreachtaí nua/difriúla fút a dhéanamh.}